An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir 2018/2019

De bhun 7(2) (f) agus (g) d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 go 2015

Clár an Ábhair

Gluais téarmaí 2

Liosta acrainmneacha 3

1 Réamhrá 4

1.1 Clárú faoi réir coinníollacha 4

1.2 Coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta 4

1.3 Coinníollacha eile clárúcháin 5

1.4 Tréimhsí ama maidir le coinníollacha clárúcháin a chomhlánú 5

1.5 Coinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta agus Fostaíochta 6

1.6 Cáilíocht oideachais don mhúinteoireacht a ghnóthaítear i dtíortha eile de chuid an Aontais Eorpaigh (AE)/ Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) 6

2 *Droichead* – An Creat Lánpháirtithe maidir le hIonduchtúchán Gairme 7

2.1 Nós Imeachta agus Critéir maidir le Droichead (Bunscolaíocht agus Iarbhunscolaíocht) 7

2.1.1 Próiseas Droichead 7

2.1.2 Socrúchán inar féidir le próiseas *Droichead* tarlú 8

2.1.3 An íostréimhse riachtanach maidir le cleachtas gairmiúil 9

2.1.4 Snáithe bunaithe ar an scoil (Snáithe A) 9

2.1.5 Gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B) 10

2.1.6 Caighdeáin le treoir agus tacaíocht a thabhairt do phróiseas Droichead 11

2.1.7 Taifid maidir le próiseas Droichead a chothabháil 11

2.1.8 Ag tabhairt próiseas Droichead chun críche 11

2.1.9 Consistency and quality assurance 12

2.1.10 Further guidance 12

3 Próisis Thraidisiúnta 13

3.1 Nósanna Imeachta agus critéir maidir le promhadh 13

3.1.1 An próiseas promhaidh 13

3.1.2 Socrúcháin inar féidir leis an bpróiseas promhaidh tarlú 14

3.1.3 Riachtanas Seirbhíse 14

3.1.4 An riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil 15

3.1.5 Meastóireacht ar inniúlacht ghairmiúil: cuairteanna agus tuairiscí cigireachta 15

3.1.6 An próiseas promhaidh a thabhairt chun críche 17

3.1.7 Múinteoirí a ndearnadh promhadh orthu roimhe seo i socrúchán teoranta 17

3.1.8 An riachtanas Gaeilge 18

3.2 Nósanna imeachta agus critéir maidir le fostaíocht iarcháilíochta 19

3.2.1 An coinníoll clárúcháin maidir le fostaíocht iarcháilíochta (FI) 19

3.2.2 Riachtanas Seirbhíse 19

3.2.3 An Próiseas maidir le Fostaíocht Iarcháilíochta a chomhlánú 20

3.2.4 Eolas Breise 20

3.3 Nósanna imeachta agus critéir maidir leis an gClár Ionduchtúcháin 21

3.3.1 An Clár Ionduchtúcháin (bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht) 21

4 *Droichead* agus athrú idir scoileann 22

5 Mionsonraí Teagmhála 23

Aguisín 1 Amlínte do Chéim Fáis Droichead 24

Aguisín 2 Coinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta: Treoir Ghairid 25

Aguisín 3 Critéir maidir le Cigireacht Promhaidh 26

Aguisín 4 Caighdeáin maidir le Droichead 27

Aguisín 5 Rialacháin Clárúcháin 2016 28

Gluais téarmaí

Comhalta

Is ionann comhalta agus múinteoir lánchláraithe atá i mbun cleachtais ag a bhfuil taithí ar mheantóireacht agus/nó mar éascaitheoir maidir leis an gClár Ionduchtúcháin, atá ainmnithe ag an gClár Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) chun tacú le próiseas *Droichead*.

Ionad Oideachais

Ciallaíonn Ionad Oideachais, áit, seachas scoil nó áit ina gcuirtear oideachas ollscoile nó tríú leibhéal ar fáil, ina bhfuil ceadaithe oideachas do dhaoine fásta nó breisoideachas nó gairmoideachas nó gairmoiliúint a chur ar fáil agus atá leagtha amach chun na críche sin. Is féidir leis an Aire (an tAcht Oideachais, 1998) áit a ainmniú mar Ionad Oideachais ó am go chéile.

Córas Leanúnach Oiliúna an Mhúinteora

Déantar cur síos anseo ar na gníomhaíochtaí oideachais agus forbartha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a mbíonn múinteoirí rannpháirteach iontu mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil i rith a ngairm bheatha múinteoireachta. Cuimsíonn sé an oiliúint tosaigh múinteoireachta, ionduchtúchán, luathfhorbairt ghairmiúil agus forbairt leanúnach ghairmiúil agus tacaíocht ghairme níos faide ar aghaidh ina saol gairmiúil.

Cnuaschruinnithe

Tá cnuaschruinnithe mar chuid de phróiseas *Droichead*. Bíonn múinteoirí nuacháilithe (MN'nna) rannpháirteach in aon chnuaschruinniú amháin in aghaidh an téarma. Déanann an NIPT éascú ar na cruinnithe i gcomhar leis an ngrúpa MN'nna. Déantar an clár cruinnithe a fhorbairt i gcomhairle leis an MN'nna, agus d'fhéadfadh sé go dtabharfaidh sé san áireamh príomhghnéithe de phróiseas *Droichead* ar nós breathnóireacht agus comhráite gairmiúla, Taisce, srl.

Droichead

Cuimsíonn *Droichead*, creat lánpháirtithe maidir le hionduchtúchán gairme, gníomhaíochtaí foghlamtha bunaithe ar an scoil agus gníomhaíochtaí breise maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil trína ndéantar freastal do riachtanais an mhúinteora i dtús a gairm bheatha/a ghairm bheatha. Tá feidhm le Droichead i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus in Ionaid Oideachais ina mbíonn ábhar/ábhair de chuid an churaclaim iarbhunscoile á múineadh, sa chás go bhfuil na scoileanna nó na hionaid sin cláraithe ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) mar rannpháirtithe i bpróiseas Droichead.

Ionad Oideachais

Is ionann ionad oideachais agus áiteanna ina ndéantar seachadadh ar ghníomhaíochtaí agus ar chláir fhoghlama gairmiúla múinteora. Tá Cnuaschruinnithe do phróiseas *Droichead* agus na cláir Ionduchtúcháin ó phróisis traidisiúnta le fáil sna hionaid oideachais.

Clár Ionduchtúcháin

Is clár foghlama solúbtha atá sa Chlár Ionduchtúcháin, atá á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), atá leagtha amach chun freastal ar riachtanais ar leith an mhúinteora nuacháilithe maidir le foghlaim ghairmiúil (MN'nna).

Cuireann an clár, atá á chomhordú ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM), leis an bhfoghlaim a rinneadh mar chuid den oiliúint tosaigh múinteoireachta. Is féidir leis an múinteoir nuacháilithe an clár a chur in oiriúint dá cúinse/dhá chúinse féin. Éilítear ar mhúinteoirí nuacháilithe ar promhadh (bunscolaíocht) nó fostaíocht iarcháilíochta (iarbhunscolaíochta) an modh clárúcháin atá acu, tabhairt faoi 20 uair a chloig ar a laghad d'fhoghlaim ghairmiúil agus is féidir gníomhaíochtaí bunaithe ar an scoil a chur in éineacht le ceardlanna ar láthair eile chun freastal ar an gcoinníoll sin.

Meantóir

Múinteoir oilte is ea meantóir a bhfuil clár forbartha gairmiúil comhlánaithe aige/aici leis an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM). Tacaíonn an meantóir le foghlaim ghairmiúil an mhúinteora nuacháilithe (MN) agus éascaíonn, i gcomhar le comhghleacaithe, ionduchtú an mhúinteora sa scoil agus sa ghairm mhúinteoireachta.

An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM)

Seirbhís tacaíochta arna mhaoiniú ag an Stát atá sa Chlár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí a dhéanann comhordú ar sholáthar chlár ionduchtúcháin ilghnéitheach do mhúinteoirí. Faigheann comhaltaí foirne lánaimseartha (Oifigigh Forbartha Réigiúnacha), tacaíocht maidir lena gcuid oibre ó fhoireann comhghleacaithe (féach thuas

Múinteoir Nuacháilithe (MN)

Tagraíonn sé seo do mhúinteoir a fhreastalaíonn ar choinníollacha na Comhairle i dtéarmaí cáilíochtaí, ach nach bhfuil cleachtas gairmiúil curtha isteach aige nó aici ar feadh na tréimhse is gá. Sa doiciméad seo, tagraíonn múinteoir nuacháilithe (MN) do gach múinteoir nuacháilithe atá ag cur tús lena ngairm bheatha múinteoireachta, nó múinteoir atá ag filleadh ar an múinteoireacht tar éis tréimhse neamhláithreachta, beag beann ar dháta na cáilíochta.

Rannpháirtíocht i Droichead

Cuirtear córas ionduchtúcháin gairmiúil *Droichead*, arna fhorbairt ag an gComhairle, ar fáil i scoileanna atá rannpháirteach i bpróiseas *Droichead*. Rachaidh múinteoirí nuacháilithe (MN'nna) i scoileanna den sórt sin faoi thréimhse cleachtais ghairmiúil tacaithe ar a dtugtar próiseas *Droichead*, faoi mar a sonraítear thuas.

Fostaíocht Iarcháilíochta (FI)

Bíonn fostaíocht iarcháilíochta (FI) mar choinníoll leis an gclárú a bhaineann leis na múinteoirí nuachláraithe iarbhunscolaíochta ar fad nach bhfuil ag dul faoi phróiseas *Droichead*, faoi mar a shonraítear thuas. Ceanglaítear ar mhúinteoirí tréimhse fostaíochta iarcháilíochta a dhéanamh chun freastal ar choinníoll FI.

Promhadh

Is ionann promhadh agus coinníoll clárúcháin a bhaineann le gach múinteoir nuacháilithe ach amháin na múinteoirí a thugann faoi phróiseas *Droichead*, mar a shonraítear thuas. Faightear réidh leis an gcoinníoll nuair a léiríonn an múinteoir don Chomhairle go bhfuil critéir áirithe iarcháilíochta sásaithe aige/aici.

Foireann Tacaíochta Gairmiúil (FTG)

Is ionann an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúil (FTG) agus múinteoirí lán oilte agus lánchláraithe a oibríonn i gcomhar le tacaíocht a thabhairt do agus meantóireacht a dhéanamh ar an múinteoir nuachláraithe le linn próiseas *Droichead* agus a theacht/a teacht isteach sa scoil agus sa ghairm bheatha múinteoireachta araon. Éilítear ar gach comhalta d'fhoireann an FTG forbairt ghairmiúil *Droichead* a chomhlánú a chuireann Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) ar fáil.

Taisce: Foghlaim Bunaithe ar Phunann

Déanann múinteoirí atá ag dul faoi phróiseas *Droichead* punann fhoghlama gairmiúil a thiomsú le himeacht aimsire a chuidíonn le próiseas an mhachnaimh maidir leis an gcleachtas. D'fhéadfadh an phunann a bheith ina ábhar cainte le linn na gcomhráite gairmiúla atá ríthábhachtach maidir le próiseas *Droichead* agus ligean don Mhúinteoir Nuacháilithe réimsí a thabhairt chun suntais ina bhféadfadh cúnamh nó treoir bhreise a bheith ag teastáil uaidh/uaithi. D'fhéadfadh gur i bhfoirm cóip chrua nó i bhfoirm leictreonaice a chruthófaí é. Tá tuilleadh mionsonraí faoin bpróiseas ar fáil i ríomhleabhar phróiseas *Droichead* ar na leathanaigh maidir le *Droichead* ar láithreán gréasáin na Comhairle. Tá treoir phraiticiúil faoin bpróiseas ar fáil ag Múinteoirí Nuacháilithe agus ag an Fhoireann FTG ón CNIM

Liosta Acrainmneacha

FA	**Foras Ardoideachais**
RG	**Riachtanas na Gaeilge**
OTM	**Oiliúint Tosaigh Múinteoirí**
IOL	**Ionad Oideachais Luimnigh**
CNIM	**An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí**
MN	**Múinteoir Nuacháilithe**
OCG	**Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge**
FI	**Fostaíocht Iarcháilíochta**
FTG	**An Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil**
SCG	**Scrúdú le haghaidh Cáilíocht sa Ghaeilge**
DCCÉ	**Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann**

1 Réamhrá

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta ("an Chomhairle") an comhlacht ar a bhfuil an fhreagracht reachtúil as múinteoirí a chlárú in Éirinn. Déanann an Chomhairle múinteoirí a chlárú de réir Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2009 agus Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2016 de réir mar is cuí. Tá cóip de na rialacháin seo agus mionsonraí iomlána maidir leis an mbealach inar féidir le múinteoirí nuachláraithe agus le múinteoirí eile iarratas maidir le clárú a dhéanamh leis an gComhairle, ar fáil ar www.teachingcouncil.ie.

Leagtar amach sa doiciméad seo ceanglais na Comhairle maidir le múinteoirí nuachláraithe nach mór dóibh ceanglas nó ceanglais chlárúcháin iarcháilíochta a chomhlíonadh in Éirinn, a d'fhéadfadh próiseas *Droichead*, Promhadh, Fostaíocht iarcháilíochta (FI), Clár Ionduchtúcháin, nó eile, a thabhairt san áireamh. Tá tuilleadh eolas agus soiléireachta maidir le céim fáis *Droichead* agus oibríocht na bPróiseas Traidisiúnta le fáil in Aguisíní an doiciméid seo.

1.1 Clárú faoi réir coinníollacha

1.1.1 Déantar clárú faoi réir ag coinníollacha (clárú coinníollach) nuair nach bhfuil na riachtanais uile maidir le clárú, arna leagan síos ag an gComhairle, comhlíonta ag an iarratasóir ar chlárúchán. Is gnáthchuid atá anseo do gach múinteoir nuacháilithe (MN) agus d'fhéadfadh sé a bheith i gceist maidir le múinteoirí eile chomh maith in imthosca áirithe. Tá múinteoir atá cláraithe faoi réir ag coinníollacha incháilithe maidir le fostaíocht san earnáil scoileanna atá oiriúnach don cháilíocht atá aige nó aici in Éirinn (Ciorclán 0031/2011 na Roinne Oideachais agus Scileanna). Cuirtear na coinníollacha a bhaineann le clárú an mhúinteora agus an tréimhse a cheadaítear chun na coinníollacha sin a shásamh, in iúl don mhúinteoir an tráth a gcuirtear ar Chlár na Múinteoirí é nó í. Is féidir le múinteoir freisin na coinníollacha a bhaineann leis an gclárú a sheiceáil faoin gcuid de láithreán gréasáin na Comhairle a bhfuil *Mo Chlárúchán* mar theideal air.

1.1.2 An fhaid a bhíonn coinníollacha cláraithe ann i gcónaí, níl an múinteoir cláraithe go hiomlán agus ní féidir, de réir Treoir 2005/36/CE arna leasú, an múinteoir sin a aithint mar mhúinteoir i mBallstát eile de chuid an AE/LEE. Tá riail mar a chéile i gceist maidir le múinteoir ó Bhallstát eile ar mian leis nó léi clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn. Is féidir tuilleadh eolais a fháil i Roinn 1.6.

1.1.3 D'fhéadfadh múinteoirí a chláraítear faoi Rialachán a Dó (Bunscolaíocht) (Bealach a 1), a ndearnadh páirtphromhadh ina leith cheana i socrúchán teoranta, a bheith incháilithe maidir le hiarratas a dhéanamh ar lánchlárúchán san earnáil sin faoi réir ag critéir sonrach. Ón 1 Meán Fómhair 2016 a tugadh sin isteach de pholasaí agus tugtar cuntas mionsonraithe ina leith i Roinn 3.1.7.

1.2 Coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta

1.2.1 Nuair a chuirtear ainm múinteora ar Chlár na Múinteoirí, seolfar Deimhniú Clárúcháin chuige/chuici ina luaitear aon choinníoll a bhaineann lena clárú/lena chlárú.

1.2.2 Maidir le múinteoirí bunscolaíochta agus le múinteoirí iar-bhunscolaíochta a chláraigh tar éis 01 Meitheamh 2016, is iad seo a leanas na coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta a bhíonn i bhfeidhm de ghnáth:[1]

Bunscolaíocht	***Droichead*** **NÓ** **Promhadh agus Clár Ionduchtúcháin**
Iarbhunscolaíocht	***Droichead*** **NÓ** **Fostaíocht Iarcháilíochta (FI) agus Clár Ionduchtúcháin**

1 D'fhéadfadh feidhm a bheith le coinníollacha nach bhfuil bunaithe ar chleachtas m.sh. Coinníoll Gaeilge, Easnamh Cáilíochta Tugtar liosta díobh sin sa litir maidir le deimhniú clárúcháin a chuirtear chuig an múinteoir. Tá tuilleadh eolais ar fáil i roinn 1.3

1.2.3 Éilítear ar mhúinteoirí bunscoile, a fhostaítear ar feadh tréimhse leordhóthanach i mbunscoil nó i scoil oideachais speisialta atá rannpháirteach in *Droichead*, próiseas *Droichead* a chríochnú chun freastal ar an gcoinníoll clárúcháin.

1.2.4 Sa bhliain 2018/2019, is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtúcháin maidir le Múinteoirí Nuacháilithe (MN) i socrúchán Oideachais Speisialta (SEN) nó i mbunscoileanna móra ina bhfuil príomhoide chomh maith le 16 gnáthmhúinteoir nó níos mó ná sin. Ba chóir incháilitheacht na scoile a chinneadh de réir sceideal na foirne atá sa chiorclán cuí de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS).

1.2.5 I gcásanna go bhfostaítear múinteoir bunscoile nuacháilithe (MN) i socrúchán incháilithe i scoil, lasmuigh den socrúchán dá dtagraítear i roinn 1.2.3 agus 1.2.4 thuas, agus nach bhfuil *Droichead* ar fáil inti, is féidir leis/léi Promhadh agus an Clár Ionduchtúcháin a chomhlánú chun freastal ar na coinníollacha clárúcháin.

1.2.6 Éilítear ar mhúinteoirí iarbhunscoile, a fhostaítear ar feadh tréimhse leordhóthanach ama in iar-bhunscoileanna nó i scoil oideachais speisialta atá rannpháirteach in *Droichead*, próiseas *Droichead* a chomhlánú chun freastal ar an gcoinníoll clárúcháin.

1.2.7 Sa bhliain 2018/2019 is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtúcháin maidir le Múinteoirí Nuacháilithe (MN) i socrúchán Oideachais Speisialta (SEN) nó in iar-bhunscoileanna móra ina bhfuil 400 dalta nó níos mó..

1.2.8 I gcásanna ina bhfostaítear múinteoir iarbhunscolaíochta i scoil lasmuigh amuigh den socrúchán dá dtagraítear i 1.2.6 agus 1.2.7 thuas, nach bhfuil *Droichead* ar fáil inti, is féidir leis/léi Fostaíocht iarcháilíochta agus an Clár Ionduchtúcháin a chomhlánú chun freastal ar na coinníollacha clárúcháin.

1.2.9 Maidir le hathrú idir scoileanna atá rannpháirteach agus scoileanna nach bhfuil *Droichead* ar fáil iontu, déan tagairt le do thoil de Roinn 4 den doiciméad seo.

1.2.10 Déanfar Socruithe Eatramhacha a fhoilsiú ar www.teachingcouncil.ie chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí a chuir tús roimh an scoilbhliain 2018/2019 lena gcuid coinníollacha maidir le cleachtas iarcháilíochta a chomhlíonadh nó atá ag athrú idir scoileanna le linn na scoilbhliana.

1.3 Coinníollacha eile clárúcháin

1.3.1 Nuair a chuirtear múinteoir ar an gClár, d'fhéadfadh sé go bhfaigheadh sé/sí coinníollacha eile seachas coinníollacha maidir le cleachtas iarcháilíochta. Tá na coinníollacha seo liostaithe sa Deimhniú Clárúcháin, lena n-áirítear freisin, dáta éaga faoinar gá freastal ar na coinníollacha. Tá eolas maidir leis na coinníollacha seo le fáil ar www.teachingcouncil.ie.

1.4 Tréimhsí ama maidir le coinníollacha clárúcháin a chomhlánú

1.4.1 Go ginearálta, éilítear ar mhúinteoirí a gcuid coinníollacha clárúcháin a chomhlíonadh laistigh de thréimhse clárúcháin tosaigh trí bliana.

1.4.2 Sa chás nach gcomhlíonann múinteoir na coinníollacha laistigh den tréimhse ama atá sonraithe rachaidh clárú an mhúinteora i léig.

1.4.3 In imthosca áirithe, is féidir le múinteoir cláraithe iarratas a chur chuig an gComhairle maidir le síneadh a chur leis an tréimhse clárúcháin coinníollach. Féach le do thoil ar an Lámhleabhar Clárúcháin reatha nó ar www.teachingcouncil.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

1.5 Coinníollacha iarcháilíochta maidir le cleachtas gairmiúil agus Fostaíocht

1.5.1 Ní mheastar ach fostaíocht íoctha amháin mar sheirbhís is ináirithe i ndáil le coinníollacha iarcháilíochta maidir le cleachtas gairmiúil a chomhlíonadh. Ní ghlactar ón 3 Deireadh Fómhair 2016 ar aghaidh le scéimeanna intéirneachta ar nós, JobBridge nó le scéimeanna eile den chineál sin a d'fhéadfaí a chur ar bhun amach anseo, mar shocrú incháilithe ó thaobh promhadh, fostaíocht iarcháilíochta nó le *Droichead*.

1.5.2 Sa chás go mbíonn múinteoir i bpost nach bhfuil maoinithe ag an Stát, beidh feidhm leis na treoirlínte seo a leanas:

a) Tá na téarmaí agus na coinníollacha, scálaí pá san áireamh, ar aon dul lena bhfuil ar bun ar fud an chórais oideachais

b) Freastalaítear ar na critéir go léir atá leagtha amach sa doiciméad seo, lena n-áirítear, socrú, curaclam agus tréimhse ama. Freastalaítear ar dhualgais, ar cheanglais reachtúla ábhair go léir de chuid ROS.

1.6 Cáilíocht oideachais don mhúinteoireacht a ghnóthaítear i dtíortha eile de chuid an Aontais Eorpaigh (AE)/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)

1.6.1 De réir Treoracha ón gComhairle Eorpach maidir le hAitheantas Frithpháirteach Cáilíochtaí Gairmiúla 2005/36/CE arna leasú, a ndéantar a dtrasuí faoin dlí leis na Rialacháin um Cháilíochtaí Gairmiúla a Aithint 2017 (IR 8 de 2017), tá daoine a bhfuil aitheantas acu chun críche múinteoireachta i mBallstát amháin de chuid an AE i dteideal aitheantas a fháil ar na cáilíochtaí sin i ngach Ballstát eile. Is féidir aitheantas den sórt sin a thabhairt faoi réir ag coinníollacha, ag brath ar aon easnaimh a aithnítear a chur ina gceart. Is í an Chomhairle an t-údarás inniúil ainmnithe in Éirinn maidir le hiarratais a mheas ionas go gcinntítear go bhfreastalaítear ar na critéir cáilíochta a leagtar amach sna rialacháin ábhartha de chuid na Comhairle Múinteoireachta.

1.6.2 Go ginearálta, ní mór do mhúinteoirí freastal ar gach coinníoll eile arna leagan síos ag an gComhairle sula dtugtar aghaidh ar aon choinníollacha maidir le cleachtais iarcháilíochta atá i bhfeidhm ag an gComhairle via próisis traidisiúnta. Ó scoilbhliain 2017/2018 ar aghaidh is féidir le múinteoirí a dhéanann comhlánú ar phróiseas *Droichead*, sin a dhéanamh sula sásaítear na coinníollacha eile ar fad a ghabhann lena gclárú. Leagtar amach tuilleadh mionsonraí maidir leis na himpleachtaí atá ag an Treoir thuas ar chlárú múinteoirí agus ar cháilíochtaí múinteoirí i gCiorclán 0031/2010 na Roinne Oideachais agus Scileanna atá ar fáil ar www.education.ie.

1.6.3 Sa chás go bhfuil cleachtas gairmiúil iarcháilíochta foirmiúil tugtha chun críche ag iarratasóir i dtír eile, ba chóir fianaise go ndearnadh é sin go sásúil a chur faoi bhráid na Comhairle leis an iarratas ar chlárúchán. Is faoin gComhairle a dheimhniú más leor an fhianaise a chuirtear ar fáil le díolúine a thabhairt maidir leis na coinníollacha a ghabhann le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta in Éirinn.

1.6.4 D'eisigh an Chomhairle fógra an 19 Bealtaine 2010 á chur in iúl do dhaoine a mbeadh sé i gceist acu tús a chur le cáilíocht oideachais sa mhúinteoireacht a ghnóthú i mBallstát eile de chuid an AE/LEE ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh nárbh mhór dóibh chomh maith aon tréimhse den chleachtas gairmiúil iarcháilíochta (mar shampla, MN nó bliain ionduchtúcháin) sa tír ina ngnóthaítear an cháilíocht a chomhlíonadh. Ní mór chomh maith, faoi théarmaí Threoir 2005/36/CE, iad a bheith aitheanta/cláraithe go hiomlán ag an údarás ainmnithe sa Bhallstát sin sula n-iarrtar clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn. Ní chuireann fógra na Comhairle athrú ar na socruithe maidir le daoine a raibh tús curtha acu le cáilíocht múinteoireachta a ghnóthú, nó an cháilíocht sin gnóthaithe acu, taobh amuigh d'Éirinn roimh an 31 Nollaig 2010.

2 *Droichead*
An Creat Lánpháirtithe maidir le hIonduchtúchán Gairme

2.1 Nósanna imeachta agus critéir maidir le Droichead (bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht)

Réamhrá

Tá feidhm leis na nósanna imeachta seo a leanas i gcás go mbíonn múinteoir nuacháilithe fostaithe ar feadh tréimhse ama leordhóthanach i scoil atá rannpháirteach i bpróiseas *Droichead*. Déan tagairt le do thoil do na hAguisíní le tuilleadh eolais a fháil maidir le céim fáis *Droichead* agus maidir le forléargas ar na próisis go léir.

2.1.1 Próiseas Droichead

2.1.1.1 Is ionann *Droichead* agus creat lánpháirtithe ionduchtúcháin gairme do mhúinteoirí nuacháilithe (MN). Le *Droichead* tugtar aitheantas don éifeachtúlacht a bhaineann leis na cláir athcheaptha i ndáil le hoiliúint tosaigh múinteoirí agus go háirithe maidir leis an tréimhse fada socrúcháin i scoil, maidir le múinteoir faoi oiliúint a ullmhú don ghairm. Cuireann sé leis an gcéim sin, ag glacadh leis mar phointe tosaigh leis na réimsí don fhoghlaim bhreise atá aitheanta ag múinteoir nuacháilithe (MN) i gcomhar leis an FA mar chuid den taithí ar shocrúchán scoile. Ag an am céanna, aithnítear gur céim faoi leith atá san ionduchtúchán d'oideachas leanúnach an mhúinteora ar an bpróiseas sóisialaithe atá ann i ngairm an mhúinteora. Tá gníomhaíochtaí foghlamtha atá bunaithe ar an scoil agus gníomhaíochtaí breise maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil i gceist leis an gcreat lánpháirtithe seo chun freastal ar riachtanais an mhúinteora i dtús a ngairm bheatha.

2.1.1.2 Tá sé mar phríomhchuspóir le *Droichead* tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim ghairmiúil MN'nna le linn na céime ionduchtúcháin, ag cur bonn taca ar an mbealach sin faoi fhás agus faoi fhoghlaim ghairmiúil don chéad chéim eile dá ngairm bheatha.

2.1.1.3 Tar éis próiseas *Droichead*, tugann an MN dearbhú go bhfuil sé/sí ullmhaithe don chéad chéim eile den oideachas leanúnach múinteora. Déanann an múinteoir agus comhghleacaithe oilte comhdhearbhú, tar éis machnamh a bheith déanta acu le chéile ar an bpróiseas, agus trína rannpháirtíocht in *Droichead*, go raibh siad rannpháirteach i bpróiseas teagaisc agus foghlama a bhí ar ardchaighdeán. Faigheann an Chomhairle réidh ansin le coinníoll *Droichead* (agus coinníollacha eile cleachtas gairmiúil iarcháilíochta) ó chlárúchán an mhúinteora. Déanfaidh an Chomhairle an múinteoir a chlárú go hiomlán nuair a mheasann an Chomhairle go bhfuil freastal déanta ar na coinníollacha clárúcháin ar fad (m.sh., coinníoll Gaeilge, coinníollacha maidir le heasnamh cáilíochtaí).

2.1.1.4 Nuair a bhíonn an múinteoir nuacháilithe (MN) fostaithe i socrúchán incháilithe (féach 2.1.2) i scoil rannpháirteach ar feadh an íostréimhse maidir le cleachtas gairmiúil (féach 2.1.3), cláraíonn sé/sí do phróiseas *Droichead* trí úsáid a bhaint as roinn logála isteach Mo Chlárúchán ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta. Eisítear deimhniú ríomhphoist ón gComhairle don mhúinteoir nuacháilithe a dhearbhaíonn go bhfuiltear cláraithe do phróiseas *Droichead*. Ar phróiseas *Droichead* a bheith tugtha chun críche, cuirtear Foirm D atá comhlánaithe faoi bhráid na Comhairle (féach 1.5 le haghaidh tuilleadh soiléireachta).

2.1.1.5 Baineann dhá phríomhshnáithe le próiseas *Droichead* mar chreat lánpháirtithe ionduchtúcháin don Mhúinteoir Nuacháilithe. Tá an chéad snáithe bunaithe ar ionduchtúcháin scoile (Snáithe A), lena mbíonn tacaíocht á fháil ag an múinteoir nuacháilithe ó chomhghleacaithe oilte. Tá an dara snáithe déanta suas de ghníomhaíochtaí breise foghlama gairmiúla (Snáithe B) lena mbaineann freastal ar chruinnithe de ghrúpaí múinteoirí nuacháilithe in ionaid oideachais áitiúla agus gníomhaíocht foghlamtha gairmiúil amháin eile a bhaineann le riachtanais an mhúinteora nuacháilithe. Mar shampla, d'fhéadfadh go n-áireodh gnáthghníomhaíochtaí foghlama, rannpháirtíocht i gceardlanna, cruinniú de Líonra Gairmiúil Múinteoirí (cumann maidir le hábhar scoile), gníomhaíocht foghlama ar líne/cumaiscthe, freastal ar chomhdháil, Féilte, srl. (Féach 2.1.5).

2.1.2 Socrúcháin inar féidir le próiseas Droichead tarlú

2.1.2.1 **Bunscolaíocht**

Sa bhliain 2018/2019 is é próiseas *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtúcháin a bheidh ann do Mhúinteoirí Nuacháilithe i socrúcháin MOS nó i mbunscoileanna móra ina bhfuil príomhoide chomh maith le 16 múinteoir príomhshrutha nó níos mó, mar a bhfuil cinneadh déanta ina leith sa sceideal foirne atá i gCiorclán 10/2018 ROS. D'fhéadfadh sé go roghnódh bunscoileanna eile páirt a ghlacadh sa phróiseas freisin. (Féach Roinn 1.2.3)

De ghnáth, tugann múinteoir bunscoile faoi phróiseas Droichead nuair a bhíonn sé/sí fostaithe mar mhúinteoir ranga príomhshrutha. Mar riail ghinearálta, is féidir fostaíocht le pá ar bhonn buan nó sealadach nó i mbun ionadaíochta a áireamh, sa chás go bhfuil an múinteoir ag teagasc réimsí uile Churaclam na Bunscoile, Gaeilge san áireamh, do dhaltaí ranga príomhshrutha (ar aon ghrád amháin nó níos mó ná sin) ar feadh an lae scoile iomlán agus sa chás go ligfidh sealbhaíocht an phoist sa scoil don mhúinteoir freastal ar na híoschoinníollacha maidir le tréimhse ama a leagtar amach in 2.1.3.2 thíos.

2.1.2.2 Seachas i gcásanna eisceachtúla, is i socrúcháin príomhshrutha is ceart do scoileanna múinteoirí nuacháilithe a fhostú. In imthosca áirithe, sa chás gur oiriúnaí an múinteoir nuacháilithe chun tacú le riachtanais na ndaltaí, is féidir le múinteoir nuacháilithe próiseas *Droichead* a chomhlánú i gceann de na róil oideachais speisialta seo a leanas [2]:

a) múinteoir ag rang speisialta i scoil príomhshrutha

b) múinteoir i scoil speisialta

c) múinteoir acmhainne lánaimseartha ag daltaí faoi mhíchumas íosmhinicíochta (de réir shainmhíniú na Roinne Oideachais agus Scileanna)

d) múinteoir lánaimseartha tacaíochta foghlama

e) ról lena gceanglaítear c) agus d) araon thuas (post múinteoireachta Tacaíochta Foghlama/ Acmhainne).

2.1.2.3 Sna cásanna thuas, ní mór (ach amháin i gcásanna neamhláithreachta eisceachtúla) an cohórt amháin daltaí a bheith á dteagasc ar feadh na tréimhse fostaíochta. Mar chuid de phróiseas *Droichead*, ba chóir don scoil iarracht a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn deiseanna ag an múinteoir nuacháilithe teagasc a dhéanamh i socrúchán príomhshrutha i gcomhar leis an múinteoir ranga, lena n-áireofaí teagasc agus foghlaim na Gaeilge i rang príomhshrutha.

2.1.2.4 **Iarbhunscolaíocht**

Sa bhliain 2018/2019 is é próiseas *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtúcháin a bheidh ann do Mhúinteoirí Nuacháilithe iar-bhunscoile i socrúcháin MOS nó i scoileanna móra iar-bhunscolaíochta ina bhfuil 400 dalta nó os a chionn sin3. Is féidir le scoileanna iarbhunscolaíochta eile roghnú páirt a ghlacadh sa phróiseas chomh maith. (féach Roinn 1.2.6)

De ghnáth, tabharfaidh múinteoir iar-bhunscolaíochta faoi phróiseas *Droichead* nuair atá sé/ sí fostaithe i scoil aitheanta iar-bhunscolaíochta. Mar riail ghinearálta, is féidir fostaíocht le pá ar bhonn buan nó sealadach nó i mbun ionadaíochta, a bheith incháilithe, sa chás go ligfidh fostaíocht den sórt sin don mhúinteoir freastal ar na híoschoinníollacha maidir le tréimhse ama a leagtar amach in 2.1.3.3 thíos.

2.1.2.5 Is féidir le múinteoir iarbhunscolaíochta próiseas *Droichead* a chomhlánú freisin sa chás go bhfuiltear fostaithe i ról acu seo a leanas [4]:

a) múinteoir i scoil speisialta ina bhfuil cuid de na daltaí atá ag freastal na scoile in aois iarbhunscolaíochta agus ábhar/ábhair de chuid an churaclaim iarbhunscolaíochta á dteagasc ag an múinteoir do dhaltaí den sórt sin,

nó

b) múinteoir in Ionad Oideachais ina bhfuil ábhar/ábhair de chuid an churaclaim iarbhunscolaíochta á dteagasc.

2.1.3 An íostréimhse riachtanach maidir le cleachtas gairmiúil

2.1.3.1 Cuimsíonn cleachtas gairmiúil, (i) socrúchán scoile (10 seachtaine) le linn oiliúint tosaigh an mhúinteora (ii) cleachtas iarcháilíochta. Tá mionathrú déanta ar phróiseas *Droichead* a dhéanann ceanglas ó thaobh cleachtas gairmiúil iarcháilíochta a chomhlíonadh le síneadh ar an socrúchán scoile le linn oiliúint tosaigh múinteora a thabhairt san áireamh.

2.1.3.2 Ní mór do mhúinteoir bunscoile bloc de 60 lá scoile i ndiaidh a chéile a chomhlánú i socrúchán incháilithe ón dáta a gceaptar den chéad uair an múinteoir i bpost bunscoile atá aitheanta chun críocha *Droichead*. Ní mór don mhúinteoir clárú do phróiseas *Droichead* leis an gComhairle, agus úsáid á bhaint as roinn logála isteach Mo Chlárúchán ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta laistigh de 5 lá oibre ó chuirtear tús leis an fhostaíocht is ináirithe.

2.1.3.3 Ní mór do mhúinteoir bunscoile 200 uair an chloig d'fhostaíocht múinteoireachta a chomhlánú i socrúchán incháilithe lena n-áirítear ábhar/ábhair de chuid an churaclaim iarbhunscolaíochta a theagasc do rang ainmnithe ar thráthchlár na scoile, nó fostaíocht i ról múinteoireachta maidir le hoideachas speisialta. Ní mór don mhúinteoir clárú le haghaidh phróiseas *Droichead* leis an gComhairle, agus úsáid á bhaint as roinn logála isteach My Registration ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta laistigh de 5 lá oibre ó chuirtear tús leis an fhostaíocht is ináirithe.

2.1.3.4 Ba chóir a thabhairt ar aird gurbh ionann iad seo agus íostréimhse cleachtais is giorra is féidir a áireamh. Ag glacadh leis go bhfuil *Droichead*, mar chreat ionduchtúcháin, leagtha amach leis an tacaíocht, treoir agus comhairle is fearr is féidir a sholáthar, moltar, sa chás go mbíonn am breise ag an Múinteoir Nuacháilithe, sa bhreis ar na híoscheanglais atá leagtha amach in 2.1.3.2. agus 2.1.3.3. thuas, leas a bhaint as an am breise le tacú le próiseas *Droichead*.

2.1.4 Snáithe atá bunaithe ar an scoil (Snáithe A)

2.1.4.1 Go bunúsach, baineann *Droichead* le saol gairmiúil an Mhúinteora Nuacháilithe agus leis an bpróiseas ionduchtúcháin a théann leis. Ar phríomhpháirt den phróiseas seo tá rannpháirtíocht an Mhúinteora Nuacháilithe le comhghleacaithe atá níos oilte agus machnamh ar na comhráite gairmiúla a tharlaíonn maidir lena gcuid foghlama féin agus a gcleachtas gairmiúil féin. Tá roinnt bealaí ann inar féidir FTG a bhunú. I scoileanna móra, ina bhfuil níos mó Múinteoirí Nuacháilithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt foirne ag feidhmiú ag aon am amháin. I scoileanna níos lú, d'fhéadfadh foireann de bheirt nó triúr múinteoirí a bheith leordhóthanach. I scoileanna atá i bhfad níos lú, nó in imthosca nach bhfuil sé ar chumas na scoile FTG a bhunú le comhaltaí d'fhoireann na scoile amháin, tá samhail sheachtrach ar fáil. Tá treoir bhreise ar fáil ón CNIM.

2.1.4.2 Is próiseas comhoibríoch i gcónaí atá i gceist ó thaobh tacaíocht a thabhairt don Mhúinteoir Nuacháilithe le linn *Droichead*, cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le róil agus freagrachtaí chomhaltaí foirne an FTG i gcomhthéacsanna éagsúla scoile agus go ndéantar dá bhrí sin comhaontú ina leith sula gcuirtear tús le próiseas *Droichead*.

2 Ciorclán 13/2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna

3 Ciorclán 07/2018, 08/2018 agus 09/2018 na Roinne Oideachais agus Scileanna

4 Ciorclán 14/2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna

2.1.4.3 Déanann an FTG an fhorbairt ghairmiúil a bhaineann le próiseas *Droichead* a chuireann an CNIM ar fáil a chomhlánú, agus bíonn raon gníomhaíochtaí tacaíochta agus acmhainní ar fáil chun cuidiú leis an obair, lena n-áirítear:

- Oiliúint tosaigh an CNIM do gach comhalta den FTG.
- Am saor le clúdach múinteoir ionadaíochta a eagrú chun deis a chur ar fáil do gach comhalta den FTG le freastal ar oiliúint.
- Am saor chun tacaíocht a thabhairt do ghnéithe Droichead atá bunaithe ar an scoil.
- Tacaíocht teileafóin agus ríomhphoist ón CNIM, trína líonra comhghleacaithe agus comhaltaí den fhoireann bhuan.
- Treoir chuimsitheach meantóra, lena n-áirítear raon teimpléid samplacha.

2.1.4.4 Bíonn roinnt idirghníomhaíochtaí ag an Múinteoir Nuacháilithe le linn próiseas *Droichead* le comhghleacaithe oilte atá ag tabhairt tacaíochta don phróiseas. Is comhráite gairmiúla a thugtar orthu sin. Cuireann na comhráite seo deiseanna ar fáil le haiseolas a mhalartú go neamhfhoirmiúil ar bhonn duine ar dhuine, plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn le linn fhoghlaim ghairmiúil agus chleachtas ghairmiúil an mhúinteora nuacháilithe agus chun treoir a chur ar fáil. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh comhrá gairmiúil a bheith ann i bhfoirm cruinniú réamhshocraithe idir an Múinteoir Nuacháilithe agus comhalta amháin nó níos mó den FTG.

2.1.4.5 Is próiseas tábhachtach atá san fhoghlaim atá bunaithe ar phunann chun tacaíocht a thabhairt don Mhúinteoir Nuacháilithe ó thaobh a bheith rannpháirteach sna comhráite gairmiúla seo. Baineann an Chomhairle úsáid as an téarma Taisce (an Ghaeilge ar chiste fionnta) le cur síos a dhéanamh ar phunann ar an bhfuil an próiseas foghlamtha punann bhunaithe seo. Cuireann an próiseas foghlamtha bunaithe ar phunann ar chumas na múinteoirí nuacháilithe machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim ghairmiúil ar bhealach atá oiriúnach dóibh féin agus ó thaobh réimsí a aithint agus pleanáil a dhéanamh do na réimsí seo a bhféadfadh gá a bheith acu le cúnamh nó le treoir bhreise ina leith. Tá tuilleadh mionsonraí faoin bpróiseas sin ar fáil i ríomhLeabhar *Droichead* ar na leathanaigh ar láithreán gréasáin na Comhairle a bhaineann le *Droichead*. Tá comhairle phraiticiúil maidir leis an bpróiseas seo ar fáil ag múinteoirí nuacháilithe agus ag foireann an FTG ón CNIM.

2.1.4.6 Tá breathnóireacht freisin mar phríomhghné de *Droichead*. Áirítear leis sin breathnóireacht a dhéanann an Múinteoir Nuacháilithe ar chleachtas mhúinteoirí níos oilte, chomh maith leis an mbreathnóireacht a dhéanann foireann an FTG ar chleachtas an mhúinteora nuacháilithe. Déantar an dá chineál breathnóireachta a shocrú roimh ré agus bíonn deis ag na Múinteoirí Nuacháilithe foghlaim óna gcuid comhghleacaithe gairmiúla. Ba chóir go mbeadh an bhreathnóireacht a dhéanann foireann an FTG ar chleachtas an Mhúinteora Nuacháilithe dírithe ar na réimsí sin a measann an Múinteoir Nuacháilithe go bhfuil gá aige/aici le comhairle, cúnamh nó tacaíocht ina leith. Dá bhrí sin, ba chóir go spreagfaí an Múinteoir Nuacháilithe chun teagasc a dhéanamh sna réimsí ina gceapann sé/sí a bhfuil an riachtanas is mó. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhonn ina dhiaidh sin le comhrá gairmiúil. Moltar go mbeadh dhá ócáid ar a laghad den dá chineál breathnóireachta sa seomra ranga (breathnóireacht a dhéanann an Múinteoir Nuacháilithe agus breathnóireacht ar chleachtas an Mhúinteora nuacháilithe) agus gur cheart líon na ranganna a bhreathnaítear agus cineál na ranganna a bhreathnaítear a bhunú go beacht ar phlé idir an Múinteoir Nuacháilithe agus foireann an FTG.

2.1.4.7 Tá sé mar mhana ag CNIM gur "comhartha nirt cúnamh a lorg". Chuige sin, spreagtar an Múinteoir Nuacháilithe agus an FTG le gach uile dheis a thapú le saincheisteanna agus dúshláin a phlé de réir mar a thagann siad chun cinn. Cuireann FTG'nna raon tacaíochtaí ar fáil a chuireann ar chumas an Mhúinteora Nuacháilithe aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus foghlaim uathu. Tá tuilleadh tacaíochta, treoir agus comhairle ar fáil ón CNIM trína seirbhís tacaíochta scoile, agus d'fhéadfadh fiúntas a bheith ag gabháil leis sin ó thaobh roinnt ama breise a éascú. Amhail is cuimsithí an cúnamh atá ar fáil agus amhail is mó rannpháirtíocht oscailte na ndaoine siúd atá rannpháirteach is fearr don Mhúinteoir Nuacháilithe.

2.1.5 Gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B)

2.1.5.1 Chun comhlánú a dhéanamh ar shnáithe ionduchtúcháin atá bunaithe ar an scoil, mar a leagtar amach thuas, tugann Múinteoirí Nuacháilithe freisin faoi ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise mar chuid de phróiseas *Droichead*, mar a leanas:

2.1.5.1.1 Cnuaschruinnithe Múinteoirí Nuacháilithe agus Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla eile

Bíonn Múinteoirí Nuacháilithe rannpháirteach in aon chnuaschruinniú amháin in aghaidh an téarma, in ionad oideachais áitiúil. Déanann an CNIM éascú ar na cruinnithe i gcomhar le grúpa de Mhúinteoirí Nuacháilithe. Déantar clár oibre an chruinnithe a fhorbairt i gcomhairle leis na Múinteoirí Nuacháilithe agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí, príomhghnéithe de phróiseas *Droichead* ar nós an phróisis breathnóireachta, comhráite gairmiúla, Taisce, srl.

2.1.5.1.2 Gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla eile

Ba chóir do Mhúinteoirí Nuacháilithe tabhairt faoi ghníomhaíocht foghlama gairmiúil amháin eile, a bhíonn aitheanta acu féin de réir a riachtanais foghlama gairmiúla féin, agus i gcomhairle leis an FTG. D'fhéadfadh sé go n-áireodh gnáthghníomhaíochtaí foghlama, mar shampla, rannpháirtíocht i gceardlanna, cruinniú le Gréasán Gairmiúil Múinteoirí, (cumann ábhair), gníomhaíocht foghlama cumaisc ar líne, freastal ar chomhdháil, Féilte, srl.

2.1.6 Caighdeáin le treoir agus tacaíocht a thabhairt do phróiseas Droichead

2.1.6.1 Tá caighdeáin bunaithe ag an gComhairle chun tacaíocht a thabhairt do phróiseas *Droichead*, atá mar threoir don Mhúinteoir Nuacháilithe, i gcomhar leis an FTG, maidir lena gcuid foghlama agus cleachtas gairmiúil. Tá na caighdeáin sin leagtha amach ina Aguisín 4. Féachtar ar chaighdeáin próiseas *Droichead* agus ar shamplaí i gcomhthéacs na scoile mar chuid den fhorbairt ghairmiúil do chomhaltaí an FTG, a bhíonn éascaithe ag an CNIM.

2.1.7 Cothabháil a dhéanamh ar thaifid a bhaineann le próiseas Droichead

2.1.7.1 Cruthaíonn an PST plean imlíneach maidir le próiseas A *Droichead* i gcomhairle leis an Múinteoir Nuacháilithe. Go hidéalach, tabharfaidh an Múinteoir Nuacháilithe faoi phróiseas *Droichead* ar feadh tréimhse níos faide ná an íostréimhse a leagtar síos, nuair a cheadaíonn an tréimhse fostaíochta a leithéid. Cuirfidh an CNIM teimpléid ar fáil maidir le plean imlíneach *Droichead* agus maidir leis an bpróiseas breathnóireachta araon chomh maith le treoir chomhairleach maidir le teimpléid den sórt sin a úsáid. Chun éascú a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le dearbhú cáilíochta na Comhairle, iarrtar ar na scoileanna taifid atá cruthaithe acu chun tacú le próiseas *Droichead* a choimeád ar aon dul le polasaí na scoile maidir le cosaint sonraí.

2.1.7.2 Agus cothabháil á dhéanamh ar thaifid, ba chóir go léireoidh an FTG meas ar phríobháideachas daoine eile agus ar rúndacht na faisnéise a bhailítear le linn an phróisis. Ba chóir dóibh a bheith airdeallach ó thaobh breithnithe eitice agus cosaint sonraí, sonraí a chóiriú ar bhealach anaithnid nuair is cuí agus aon ghníomh atá riachtanach a ghlacadh le rochtain a srianadh ó thaobh faisnéis atá goilliúnach.

2.1.7.3 Sa chás go bhfágann Múinteoir Nuacháilithe an scoil agus a mbíonn cuid de nó próiseas iomlán *Droichead* comhlánaithe, ba chóir cóip de na taifid ábhartha i ndáil leis an bpróiseas sin atá á gcoimeád sa scoil a thabhairt don mhúinteoir. Ba chóir na doiciméid go léir a chothabháil ar aon dul le ceanglais an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).

2.1.8 Próiseas Droichead a thabhairt chun críche

2.1.8.1 Nuair a bhíonn próiseas *Droichead* beagnach críochnaithe ag an Múinteoir Nuacháilithe de réir an tráthchláir thráscaigh a bhí comhaontaithe ag tús an phróisis, bíonn comhrá gairmiúil ann idir an Múinteoir Nuacháilithe agus an FTG. Aithneoidh an Múinteoir Nuacháilithe, mar chuid den chomhrá seo freisin, réimsí don fhoghlaim ghairmiúil bhreise (a bheidh le cur san áireamh i bhFoirm D).

2.1.8.2 Nuair a bhíonn próiseas *Droichead* (ionduchtúchán bunaithe ar an scoil agus gníomhaíochtaí breise maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil) tugtha chun críche ag an Múinteoir Nuacháilithe agus ag an FTG, déanann siad Foirm D a chomhlánú.

2.1.8.3 Nuair a bhíonn Foirm D comhlánaithe go hiomlán agus curtha faoi bhráid na Comhairle, faigheann an Chomhairle réidh leis an gcoinníoll maidir le *Droichead* de chlárú an mhúinteora agus eisítear litir leasaithe maidir le Deimhniú Clárúcháin. Ní mór freastal do gach coinníoll sular féidir an múinteoir a chlárú go hiomlán.

2.1.9 Comhleanúnachas agus dearbhú cáilíochta

2.1.9.1 Tá líon meicníochtaí i bhfeidhm le cáilíocht agus comhleanúnachas próiseas *Droichead* ar bhonn náisiúnta a chinntiú:

a) Cuireann an CNIM tacaíocht ar fáil do scoileanna ina bhfuil Droichead ar fáil iontu agus ina bhfostaítear Múinteoir Nuacháilithe.

b) Tá painéil Dearbhú Cáilíochta *Droichead* (DCD) curtha ar bun ag an gComhairle atá comhdhéanta de chathaoirleach neamhspleách, múinteoir ón earnáil ábhartha atá i mbun teagaisc agus duine ag a bhfuil saineolas ó thaobh tacaíocht a thabhairt agus/nó meastóireacht a dhéanamh maidir le teagasc agus foghlaim ar leibhéal na scoile. Tugann an painéal DCD cuairt ar shampla randamach de na scoileanna inar eagraíodh próiseas Droichead agus pléitear an próiseas leis an FTG agus leis an Múinteoir Nuacháilithe. Tá cuairteanna den sórt sin eagraithe roimh ré agus feidhmítear iad le meon na comhghleacaíochta agus meon an chomhoibrithe. Tar éis an athbhreithnithe a thabhairt chun críche, cuireann an painéal DCD tuairisc, ina bhfágtar daoine agus scoileanna gan ainmniú, faoi bhráid na Comhairle, ina leagtar amach a chuid moltaí maidir leis an bpróiseas. Breithníonn an Chomhairle an tuairisc agus ar a dhaingniú, foilsítear an tuairisc ar láithreán gréasáin na Comhairle agus scaiptear é ar an CNIM agus ar an lucht Cigireacht

c) Mar cheannródaí foghlama sa scoil, déanann an príomhoide, cé nach gá go mbeadh sé/sí bainteach le próiseas Droichead, cultúr foghlama a chothú inar féidir le Droichead rath a bheith air, agus tacaíonn leis an FTG ó thaobh éascú a dhéanamh ar phróiseas ionduchtúcháin ar ardchaighdeán.

d) Áirítear ar fhorbairt ghairmiúil, cnuaschruinnithe grúpaí do chomhaltaí FTG, plé maidir le caighdeáin agus le táscairí dea-chleachtais a thugann treoir agus tacaíocht do phróiseas *Droichead*.

e) Tá próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm sa chás gur mian leis an Múinteoir Nuacháilithe nó leis an FTG údar imní a léiriú maidir le gnéithe de phróiseas Droichead. Áirítear céim neamhfhoirmiúil leis an bpróiseas athbhreithnithe seo, ag leibhéal scoile, agus céim níos foirmiúla ag leibhéal an CNIM. Cuireann sé an deis ar fáil freisin le saincheisteanna atá gan réiteach a chur ar aghaidh go leibhéal na Comhairle tríd an bpainéal Dearbhú Cáilíochta i ndáil le próiseas *Droichead*.

2.1.10 Treoir bhreise

Beidh an Chomhairle i mbun caidreamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus lena cuid gníomhaireachtaí maidir le *Droichead* a chur i bhfeidhm, agus le comhleanúnachas a chinntiú leis na polasaithe foriomlána arna gcinneadh ag an Aire ó thráth go chéile. Áirítear leis seo, treoir a fhorbairt don athrú chuig polasaí *Droichead*. Féach Roinn 4 le do thoil le heolas breise a fháil maidir le Socruithe Eatramhacha.

3 Próisis Thraidisiúnta

Próisis thraidisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar choinníollacha cleachtas gairmiúil iarcháilíochta

Promhadh (Bunscolaíocht)
Fostaíocht Iarcháilíochta (FI) (Iarbhunscolaíocht) Clár Ionduchtúcháin (Bunscolaíocht agus Iarbhunscolaíocht)

3.1 Nósanna Imeachta agus critéir maidir le promhadh (bunscolaíocht)

Réamhrá

Tá feidhm leis na nósanna imeachta agus leis na critéir seo a leanas sa chás gurb é an próiseas promhaidh traidisiúnta atá á oibriú. Tugann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) faoin bpróiseas promhaidh ar iarratas ón gComhairle.

3.1.1 An próiseas promhaidh

3.1.1.1 Cuimsíonn an próiseas promhaidh do mhúinteoirí bhunscoile dhá ghé:

a) Tréimhse sásúil seirbhíse a chomhlánú i scoil (riachtanas seirbhíse)

b) Inniúlacht ghairmiúil a léiriú i socrúchán scoile (an riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil).

3.1.1.2 Tá múinteoir bunscoile atá cláraithe faoi réir ag coinníollacha, agus a mbaineann na coinníollacha atá fós le comhlíonadh cleachtas gairmiúil iarcháilíochta, i dteideal tús a chur leis an bpróiseas promhaidh. Ní mór don mhúinteoir sin a dhéanamh i bpost múinteoireachta atá aitheanta chun críocha promhaidh i mbunscoil.

3.1.1.3 Ba chóir iarratais le tabhairt faoin bpróiseas promhaidh agus aon fhiosrúcháin eile a chur faoi bhráid Ionad Oideachais Luimnigh (IOL) ag www.lec.ie ar an gcéad dul síos. Tabhair ar aird le do thoil nach féidir tús a chur le promhadh ach amháin sa chás go mbíonn gach coinníoll easnaimh eile agus Riachtanas na Gaeilge (más infheidhme – féach 3.1.8) comhlíonta.

3.1.1.4 Ach fianaise dheimhniúcháin maidir leis an bpróiseas promhaidh a bheith comhlánaithe go sásúil a bheith faighte ag an gComhairle, gheofar réidh leis an gcoinníoll clárúcháin. Áirítear ar fhianaise:

- Foirm C atá comhlánaithe lena ndeimhnítear an coinníoll seirbhíse a chomhlíonadh, agus
- ráiteas inniúlachta ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (arna sholáthar ag Ionad Oideachais Luimnigh (IOL).

3.1.1.5 Tá Foirm C ar fáil le híoslódáil ó www.teachingcouncil.ie.

3.1.2 Socrúcháin inar féidir le próiseas promhaidh tarlú

3.1.2.1 Ó mhí Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh, ní mór do mhúinteoirí atá ag obair i socrúcháin MOS nó i mbunscoil mhór ina bhfuil 16 múinteoir príomhshrutha de réir mar a chinnfear sa sceideal foirne atá i gCiorclán 10/2018, leas a bhaint as próiseas *Droichead* chun clárúchán iomlán leis an gComhairle a bhaint amach, sa chás go mbíonn gach coinníoll eile comhlíonta. Is féidir le scoileanna de chatagóirí eile roghnú páirt a ghlacadh i bpróiseas *Droichead* freisin. Ní féidir Promhadh Cigireachta a dhéanamh i scoileanna den sórt sin.

3.1.2.2 Is féidir le múinteoir bunscoile tabhairt faoi phróiseas promhaidh nuair a bhítear fostaithe mar mhúinteoir ranga príomhshrutha i scoil seachas an chuid dá dtagraítear dóibh i 3.1.2.1 thuas, chomh fada is nach bhfuil an scoil sin cláraithe maidir le próiseas *Droichead*. Is féidir fostaíocht bhuan, fostaíocht shealadach nó fostaíocht ionadaíochta a áireamh sa chás go bhfuil an múinteoir ag múineadh 11 ábhar Churaclam na Bunscoile, Gaeilge san áireamh, do rang príomhshrutha daltaí idir na naíonáin bheaga agus rang a sé (grád amháin nó níos mó ná aon ghrád amháin) ar feadh an lae iomláin scoile.

3.1.3 An riachtanas seirbhíse

3.1.3.1 Chun freastal ar an riachtanas seirbhíse maidir le promhadh, ní mór do mhúinteoir nuacháilithe fostaíocht is ináirithe a fháil i mbunscoil ar bhonn buan, sealadach nó ionadaíochta i bpost atá aitheanta chun críocha promhaidh. Ní mór go gcuimseoidh an fhostaíocht:

a) 100 lá ar a laghad as a chéile i socrúcháin amháin, nó

b) 100 lá ar a laghad a d'fhéadfadh tarlú i socrúcháin ar leithligh le linn dhá thréimhse nach lú ná 50 lá as a chéile.

I gceachtar cás, ní mór múineadh aon chohórt amháin daltaí ar feadh an íostréimhse a bheith i gceist leis an tréimhse fostaíochta chomh maith leis na coinníollacha a leagtar amach faoi 3.1.2 thuas a chomhlíonadh. (féach Roinn 1.5 maidir le tuilleadh soiléireachta)

3.1.3.2 Ní mór an tseirbhís seo a dhéanamh tar éis cáilíocht in oideachas tosaigh múinteoireachta a ghnóthú agus laistigh de thrí bliana ar a mhéid ó dháta an chéad chlárúcháin nó, más infheidhme, ón dáta ar comhlíonadh na coinníollacha eile (seachas ionduchtúchán is féidir a dhéanamh an tráth céanna leis an bpromhadh). Is le linn na tréimhse ama sin a dhéanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora a mheas. Fostaíocht le pá amháin is ináirithe (féach 1.5 maidir le tuilleadh soiléireachta).

3.1.3.3 Is ar an múinteoir promhaidh féin atá an fhreagracht fianaise i scríbhinn maidir leis an tseirbhís a fháil ón scoil nó ó na scoileanna ina bhfostaítear é nó í agus an t-eolas sin a chur faoi bhráid na Comhairle ar Fhoirm C ionas go sásaítear an Chomhairle maidir leis an riachtanas seirbhíse a chomhlíonadh.

3.1.3.4 I gcás múinteoirí a bhí fostaithe i scoileanna aitheanta roimh an 1 Meán Fómhair 2010 agus a bhfuil gá acu le fianaise ar a gcuid seirbhíse le cur faoi bhráid na Comhairle, cuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna taifid ar a gcuid seirbhíse ar fáil dóibh suas go dtí an 31 Lúnasa 2010.

3.1.4 An riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil

3.1.4.1 Ní mór do mhúinteoir iarratas ar chuairt cigireachta a chur faoi bhráid Ionad Oideachais Luimnigh agus úsáid á bhaint as Foirm OP1 atá le fáil ag www.lec.ie, chun go ndéanfar meastóireacht ar inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora le riachtanais promhaidh na Comhairle a shásamh. Déanann IOL an próiseas promhaidh a riaradh thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na Comhairle.

3.1.4.2 Ní mór iarratas ar chuairt cigireachta a dhéanamh go leictreonach chomh luath agus a thosaíonn an múinteoir i mbun seirbhíse i bpost a leanfaidh go ceann tréimhse 50 lá scoile a laghad as a chéile ar. Sa chás go dtosaíonn múinteoir ar fhostaíocht is ináirithe, ceadófar uasmhéid de chúig lá oibre chun iarratas iomlán a chur faoi bhráid IOL. Ní mór an post a bheith aitheanta chun críche promhaidh (féach 3.1.2 agus 1.5 maidir le tuilleadh soiléireachta.)

Is é an dáta ar a dtagann foirm OP1 atá comhlánaithe go hiomlán nó an chéad dáta fostaíochta is ináirithe, cibé acu is deireanaí, a bheidh in úsáid maidir leis an tréimhse 50/100 lá a ríomh. Déantar gach iarracht lena chinntiú go ndéantar cigireacht le linn na scoilbhliana sin maidir le gach múinteoir incháilithe a dhéanann iarratas maidir le scrúdú cigireachta chomh luath is a thosaítear i mbun seirbhíse i bpost cuí. Ní mór don mhúinteoir a bheith ar fáil maidir le scrúdú cigireachta ar lá ar bith den tréimhse 50/100 lá. Ba chóir fógra maidir le neamhláithreacht réamhphleanáilte a chur faoi bhráid tamall roimh chuairt an chigire cuí. Sa chás go dtarlaíonn neamhláithreacht nach bhfuil réamhphleanáilte, ba chóir don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide sin a chur in iúl don chigire láithreach.

3.1.4.3 Beidh dáta deiridh i gceist ó thaobh glacadh le hiarratais. Cuirfear fógra roimh ré maidir leis an dáta deiridh in iúl ar www.lec.ie le linn an dara leath den scoilbhliain. Ní dhéanfar iarratais maidir le cuairteanna cigireachta a phróiseáil ó bhíonn an dáta deiridh sin imithe in éag.

3.1.4.4 Ní mór an fhoirm iarratais nua OP1 a chur faoi bhráid IOL chun an dara cuairt cigireachta a lorg sa chás go n-athraíonn múinteoir go dtí scoil eile, nach gcuirtear próiseas *Droichead* ar fáil inti, don dara tréimhse 50 lá as a chéile.

3.1.5 Meastóireacht ar inniúlacht ghairmiúil: cuairteanna agus tuairiscí cigireachta

3.1.5.1 Mar chuid den phróiseas promhaidh le linn na bliana 2018/2019, tá sé comhaontaithe ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, thar ceann na Comhairle, meastóireacht a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil na múinteoirí bunscoile i ranganna príomhshrutha i scoileanna nach bhfuil páirteach i bpróiseas *Droichead*, a dtugtar breac-chuntas ina leith i 3.1.4. Tá sé mar chuspóir leis seo eolas a chur ar fáil do chinntí na Comhairle maidir le clárú coinníollach nó clárú iomlán a dhéanamh ar mhúinteoirí bunscoile. (Féach Roinn 1.5 maidir le tuilleadh soiléireachta).

3.1.5.2 Éilítear ar gach múinteoir atá ag tabhairt faoin bpróiseas promhaidh páirt a ghlacadh sa Chlár Ionduchtúcháin (a ndéantar cur síos air i Roinn 3.3 den doiciméad seo). Ba chóir go bhfaigheadh siad cúnamh agus comhairle freisin ó phríomhoide na scoile agus ó mhúinteoirí eile.

3.1.5.3 Rachaidh an Chigireacht i gcomhairle le príomhoide na scoile (nó le múinteoir lánchláraithe eile a bheidh ainmnithe ag an bpríomhoide) maidir le dul chun cinn an mhúinteora agus scrúdófar obair an mhúinteora i rith chuairt cigireachta amháin nó níos mó, gan aon fhógra a thabhairt faoina cuairteanna sin. D'fhéadfadh cuairt cigireachta tarlú tráth ar bith le linn na scoilbhliana agus go ginearálta ní leanann an chuairt níos faide ná leath lá scoile. Déanfaidh an cigire, le linn na cuairte cigireachta, éifeachtúlacht an mhúinteora a mheas i dtimpeallacht an tseomra ranga agus i mbun réimsí agus ábhair de chuid an churaclaim a theagasc, mar a leagtar amach i gCuraclam na Bunscoile. Cuirfidh an cigire comhairle ar an múinteoir agus tabharfar aiseolas ó bhéal le linn na cuairte. Moltar an príomhoide (nó múinteoir lánchláraithe eile arna ainmniú ag an bpríomhoide) a bheith i láthair nuair a thugtar aiseolas ó bhéal don Mhúinteoir Nuachláraithe chun go mbeifear in ann cúnamh leanúnach a thabhairt don Mhúinteoir Nuacháilithe nuair a bhíonn an chuairt cigireachta thart. Ag deireadh na cuairte/cuairteanna, cuirfidh an cigire in iúl don mhúinteoir cibé an bhfuil deireadh leis an meastóireacht ar an inniúlacht ghairmiúil nó an bhfuil gá le cuairt cigireachta eile. Tá na critéir a bhíonn in úsáid ag cigirí chun meastóireacht a dhéanamh ar obair an mhúinteora ar fáil in Aguisín 3 agus ar an láithreán gréasáin Ionad Oideachais Luimnigh ar www.lec.ie.

3.1.5.4 Tar éis na cuairte/cuairteanna cigireachta, déanfaidh an Chigireacht cinneadh maidir leis an rátáil ó thaobh obair an mhúinteora mar a leanas:

a) **Léirigh sé/sí inniúlacht ghairmiúil shásúil i socrúchán príomhshrutha**

Tugann an rátáil seo le tuiscint gur léirigh an múinteoir scileanna sásúla múinteoireacht i rang príomhshrutha,

nó

b) **Tá tréimhse breise riachtanach le forbairt a dhéanamh air agus le hinniúlacht ghairmiúil a léiriú**

De ghnáth, ní féidir úsáid a bhaint as an rátáil seo ach aon uair amháin, tar éis dhá chuairt cigireachta, (go hiondúil le linn na chéad bhliana seirbhíse), nuair a d'fhéadfadh an cigire a mholadh go dteastaíonn tuilleadh ama ón múinteoir le hinniúlacht ghairmiúil shásúil a fhorbairt agus a léiriú. D'fhéadfadh sé sin tarlú mar gurb é breith an chigire go bhfuil laige shuntasach in obair an mhúinteora agus go dteastaíonn am breise uaidh/uaithi leis na scileanna cuí a fhorbairt,

nó

c) **Níor léiríodh inniúlacht ghairmiúil shásúil**

Léiríonn an rátáil seo gurb é breith an chigire nár léirigh an múinteoir scileanna sásúla múinteoireachta sa socrúchán ina raibh meastóireacht a dhéanamh ar a cuid/a chuid oibre.

3.1.5.5 Cuirfidh an Chigireacht deimhniú i scríbhinn ar fáil don mhúinteoir (trí ríomhphost ón IOL) go bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige/aici.

3.1.5.6 Nuair a bhíonn an chéad chuairt cigireachta tugtha chun críche go sásúil ag an múinteoir i socrúchán teoranta roimh scoilbhliain 2016/17 beidh socruithe nua i bhfeidhm. Foilsítear na socruithe eatramhacha seo ar www.teachingcouncil.ie.

3.1.5.7 Tá sé mar fhreagracht ar an múinteoir féin deimhniú i scríbhinn, chomh maith le cruthúnas breise maidir leis an riachtanas seirbhíse a chur faoi bhráid na Comhairle, chun go sásaítear an Chomhairle maidir le comhlíonadh riachtanais inniúlachta gairmiúil promhaidh trí Fhoirm C a sheoladh isteach.

3.1.5.8 I gcás múinteoirí a bhfuil rátáil déanta ar a gcuid oibre "go bhfuil gá le tréimhse breise forbartha chun inniúlacht ghairmiúil a léiriú" nó nár léiríodh inniúlacht ghairmiúil shásúil", cuirfidh an Chigireacht tuairisc i scríbhinn ar fáil don mhúinteoir, trí Ionad Oideachais Luimnigh, ina dtugtar breac-chuntas ar thoradh na meastóireachta agus ina luaitear comhairle maidir le forbairt bhreise.

3.1.5.9 Sa chás go gcuirtear síneadh leis an tréimhse promhaidh atá níos faide ná na gnáthriachtanais seirbhíse, mar a ndéantar cur síos orthu ag 3.1.5.4(b) thuas, is ar an múinteoir atá an fhreagracht na céimeanna cuí a ghlacadh chun an próiseas promhaidh a thabhairt chun críche a luaithe a thosaítear ar sheirbhís is ináirithe i scoil le linn na scoilbhliana dár gcionn. Go ginearálta, ní féidir le múinteoirí den sórt sin iarratas a dhéanamh maidir le cuairt cigireachta breise le linn na scoilbhliana céanna. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an múinteoir próiseas *Droichead* a chomhlánú. (féach Roinn 2 agus Roinn 4.1 maidir le tuilleadh soiléireachta).

3.1.5.10 Sa chás go measann an cigire nár léirigh an múinteoir "inniúlacht ghairmiúil shásúil" mar a dhéantar cur síos air ag 3.1.5.4(c) thuas, tá sé mar fhreagracht ar an múinteoir na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun an próiseas promhaidh a thabhairt chun críche a luaithe a thosaítear ar sheirbhís is ináirithe i scoil le linn na scoilbhliana dár gcionn. Ní mór don mhúinteoir tréimhse seirbhíse eile a chur isteach nach lú ná dhá thréimhse 50 lá scoile as a chéile, leis an rang céanna sa dá chás, tráth a ndéanfar meastóireacht ar inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora.

3.1.5.11 Ní chuirtear tuairiscí i scríbhinn ar fáil don mhúinteoir níos mó tar éis toradh rathúil a fháil ar mheastóireacht ar a hinniúlacht/a inniúlacht ghairmiúil.

3.1.5.12 Is féidir le múinteoir athbhreithniú ar chigireacht a lorg ar aon dul leis na Nósanna Imeachta le hAthbhreithniú a dhéanamh ar Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais, 1998 atá le fáil ar www.education.ie

3.1.5.13 Ó mhí Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh, ní thugann an Chigireacht faoi chuairteanna breise níos mó ar mhúinteoirí a cuireadh faoi phróiseas promhaidh roimhe seo i socrúchán teoranta agus a d'athraigh idir an dá linn go dtí socrúcháin príomhshrutha. (Féach Roinn 3.1.7 maidir le tuilleadh eolais).

3.1.6 An próiseas promhaidh a chomhlánú

3.1.6.1 Tagann deireadh leis an tréimhse promhaidh nuair a bhíonn an Chomhairle sásta gur freastalaíodh go hiomlán ar an riachtanas seirbhíse agus ar an riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil. Cuirfidh an Chomhairle deimhniú ar fáil don mhúinteoir maidir lena bheith cláraithe go coinníollach nó cláraithe go hiomlán mar mhúinteoir.

3.1.6.2 Measfar go mbeidh múinteoirí atá cláraithe faoi Rialachán a Dó/Bealach 1 (Bunscolaíocht) agus a chomhlíonann an riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil go sásúil trí mheascán de shocrúcháin príomhshrutha agus de shocrúcháin teoranta roimh mhí Mheán Fómhair 2016, profa sa socrúchán inar tharla an chuairt/cuairteanna cigireachta deiridh (féach 3.1.5.6).

3.1.6.3 Sa chás nach gcomhlíontar an coinníoll clárúcháin seo go rathúil laistigh den teorainn ama atá leagtha síos, rachaidh clárú an mhúinteora i léig agus beidh impleachtaí suntasacha aige sin ar incháilitheacht an mhúinteora maidir le fostaíocht i scoil.

3.1.6.4 Tá meicníocht athbhreithnithe i bhfeidhm ag an gComhairle sa chás go bhfuil clárú ar tí dul i léig mar gheall nár comhlíonadh coinníoll.

3.1.6.5 Tá clárú leis an gComhairle mar cheanglas ar mhúinteoirí ar mhaithe lena n-íoc as cistí poiblí (Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001; Ciorclán 0025/2013 na Roinne Oideachais agus Scileanna).

3.1.7 Múinteoirí a ndearnadh promhadh orthu i socrúchán teoranta

3.1.7.1 D'fhéadfadh múinteoirí atá cláraithe faoi Rialachán a Dó/Bealach 1 (Bunscolaíocht) a ndearnadh promhadh orthu roimhe seo nó a bhfuil próiseas *Droichead* tugtha chun críche acu (roimh mhí Mheán Fómhair 2016) i socrúchán teoranta a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárú iomlán san earnáil sin faoi réir ag freastal ar na riachtanais a leagtar amach sa roinn seo.

3.1.7.2 Tá an polasaí seo i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2016.

3.1.7.3 Ar mhaithe lena bheith incháilithe:

a) Ní mór an múinteoir a bheith cláraithe faoi Rialachán a Dó (Bunscolaíocht) de chuid Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] agus cláraithe faoi Alt 31(5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta

b) Ní mór gurbh é Promhadh/Droichead i socrúchán príomhshrutha an t-aon choinníoll amháin a bheidh ag seasamh amach ó thaobh clárú an mhúinteora

c) Bhí an múinteoir/tá an múinteoir ag obair i socrúchán oideachais speisialta agus i mbun róil múinteoireachta lena bhfreastalaítear ar na critéir agus ar an riachtanas seirbhíse thíos.

3.1.7.4 Ní mór freastal ar na critéir seo a leanas:

a) Tá/bhí an múinteoir i mbun churaclam iomlán na bunscoile a mhúineadh a bhí mionathraithe de réir treoirlínte arna leagan síos ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)

b) Tá/bhí an múinteoir i mbun rang a mhúineadh ar bhonn lánaimseartha ar feadh an lae ina raibh líon nach lú ná seisear dalta

c) Tá/bhí an múinteoir freagrach go hiomlán as foghlaim na ndaltaí agus tá freagrachtaí ar an múinteoir atá inchurtha leis na freagrachtaí ar mhúinteoir ranga príomhshrutha.

3.1.7.5 Ní mór don mhúinteoir freastal ar na riachtanais seirbhíse a leagtar amach thíos:

a) Éilítear seirbhís múinteoireachta nach lú ná 50 lá as a chéile sa rang céanna agus a fhreastalaíonn ar na critéir atá riachtanach

b) Ní mór an tseirbhís seo a bheith sa bhreis ar aon riachtanas seirbhíse maidir le Promhadh/ Droichead

c) Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil seirbhís múinteoireachta i socrúchán príomhshrutha inghlactha freisin

3.1.8 Riachtanas na Gaeilge

3.1.8.1 Tá de choinníoll cláraithe faoi Bhealach 1/Rialachán 2 (Bunscolaíocht) go bhfreastalaíonn an múinteoir ar Riachtanas Gaeilge na Comhairle. Déanann múinteoirí, ar gá dóibh an Chomhairle a shásamh maidir lena gcuid inniúlachta ó thaobh Gaeilge a mhúineadh (ar nós na múinteoirí sin a cuireadh faoi oiliúint tosaigh múinteoireachta (ITE) lasmuigh den Stát), é sin trí scrúdú inniúlachta a chomhlánú (Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG)) nó tréimhse oiriúnachta a chur isteach (Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG)). Déantar tástáil, leis an dá bhealach sin, ar chumas an mhúinteora Gaeilge a mhúineadh i socrúchán seomra ranga. Tá sonraí iomlána ar fáil ar www.ilrweb.ie. (Féach 1.6.2).

3.1.8.2 Ar mhaithe leis an SCG nó leis an OCG a chomhlánú, beidh ar mhúinteoirí cruthúnas a chur ar fáil don chomhordaitheoir SCG/OCG in Institiúid Oideachais Marino go ndearnadh freastal ar chúrsa Gaeltachta trí seachtaine atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

3.1.8.3 NÓTA: Roimh an 1 Meán Fómhair 2010, bhíodh ar mhúinteoirí a chomhlánaigh an SCG nó an OCG inniúlacht ghairmiúil a léiriú i mbun mhúineadh na Gaeilge i socrúchán seomra ranga. Bhíodh ar na múinteoirí sin ráiteas cigireachta breise ar inniúlacht shásúil ar an nGaeilge a mhúineadh a fháil laistigh de dhá bhliain ó dhul i mbun post múinteoireachta príomhshrutha. Déantar tástáil anois, áfach, ar chumas an mhúinteora Gaeilge a mhúineadh i socrúchán seomra ranga príomhshrutha mar chuid den nós imeachta measúnaithe don SCG agus don OCG, ní gá le tuairisc (ráiteas) breise cigireachta níos mó. Tá deireadh curtha leis an gcleachtas seo ón 1 Meán Fómhair 2010.

3.2 Nósanna imeachta agus critéir maidir le fostaíocht iarcháilíochta (iarbhunscolaíocht)

3.2.1 An coinníoll clárúcháin maidir le fostaíocht iarcháilíochta (FI)

3.2.1.1 Ó Mheán Fómhair na bliana 2018, ní mór do mhúinteoirí atá ag obair i socrúcháin MOS nó i scoileanna móra iarbhunscolaíochta ina bhfuil 400 dalta nó níos mó agus a fhreastalaíonn ar an riachtanas maidir le huaireanta seirbhíse, leas a bhaint as próiseas *Droichead* chun clárúchán iomlán leis an gComhairle a bhaint amach. Is féidir le múinteoirí eile fostaíocht iarcháilíochta a dhéanamh. Is féidir le catagóirí eile scoile rogha a dhéanamh a bheith rannpháirteach i bpróiseas *Droichead* freisin. Ní mór do Mhúinteoirí Nuacháilithe i scoileanna den sórt sin, agus a bhfuil conradh acu a chuireann ar a gcumas próiseas *Droichead* a chomhlánú, leas a bhaint as próiseas *Droichead* (féach 1.2.6 agus 2.1.3. Is féidir le múinteoirí eile fostaíocht iarcháilíochta a dhéanamh.

3.2.1.2 Is féidir le múinteoir iarbhunscolaíochta an próiseas FI a chomhlánú nuair atáthar fostaithe i scoil atá lasmuigh de na socrúcháin a luaitear in 3.2.1.1 thuas agus nach bhfuil cláraithe le haghaidh phróiseas *Droichead* agus sa chás nach bhfuiltear ag freastal ar an riachtanas seirbhíse.

3.2.1.3 Go ginearálta, ceadaítear tréimhse trí bliana ó dháta an chlárúcháin tosaigh agus ní mór don mhúinteoir an riachtanas seo a chomhlánú lena linn sin. In imthosca eisceachtúla, is féidir leis an múinteoir iarratas ar shíneadh leis an tréimhse trí bliana a chur chuig an gComhairle. Tabhair ar aird le do thoil go rachaidh an clárú i léig mura bhfreastalaítear ar an riachtanas maidir le FI laistigh den tréimhse a shonraítear ach amháin sa chás go mbíonn síneadh leis an tréimhse sin ceadaithe.

3.2.2 Riachtanas seirbhíse

3.2.2.1 Ar mhaithe leis an gcoinníoll maidir le próiseas FI a shásamh, ní mór d'iarratasóirí fianaise a chur ar fáil ar 300 uair a chloig d'fhostaíocht shásúil múinteoireachta i scoil aitheanta iar-bhunscolaíochta nó in Ionad Oideachais ina bhfuil ábhar den chuid an churaclaim iarbhunscolaíochta á mhúineadh.

3.2.2.2 Ní mór ar a laghad dhá thrian (200 uair an chloig) den fhostaíocht cheadaithe a chaitheamh i mbun ábhar/ábhair de chuid an churaclaim iarbhunscolaíochta nó gairmthreoir a mhúineadh do rang ainmnithe daltaí ar thráthchlár na scoile.

3.2.2.3 Is féidir suas le haon trian (100 uair an chloig) den taithí ceadaithe a dhéanamh i róil múinteoireachta maidir le hoideachas speisialta nó i mbun gníomhaíocht múinteoireachta eile atá ar an tráthchlár. Is féidir an mhúinteoireacht ar ábhair lasmuigh den chuid a ndéanann Coimisiún Scrúduithe an Stáit iad a scrúdú in Éirinn (m.sh., ábhair de chuid DCCÉ nó City & Guilds, srl.) a thabhairt san áireamh maidir leis an riachtanas 100 uair an chloig.

3.2.2.4 Ní ghlactar le fostaíocht d'aon chineál seachas fostaíocht le pá mar mhúinteoir cáilithe ar bhonn buan, sealadach nó i mbun ionadaíochta ó thaobh freastal ar an riachtanas seo. Níl glacadh le seirbhís dheonach (féach Roinn 1.5 le haghaidh tuilleadh soiléireachta).

3.2.3 An próiseas maidir le Fostaíocht Iarcháilíochta a chomhlánú

3.2.3.1 Ar 300 uair a chloig d'fhostaíocht múinteoireachta a bheith tugtha chun críche, ba cheart don iarratasóir Foirm B a líonadh isteach, deimhniú agus síniú agus stampáil phríomhoide na scoile a fháil ar an bhfoirm agus an fhoirm a sheoladh ar ais chuig an gComhairle.

3.2.3.2 I gcásanna ina dtarlaíonn fostaíocht múinteoireachta (mar mhúinteoir láncháilithe) in dhá scoil nó níos mó, ní mór don mhúinteoir foirm faoi leith a chur ar fáil i ndáil le gach aon scoil acu. Is féidir an tseirbhís mhúinteoireachta i scoileanna éagsúla a áireamh le chéile i ndáil leis an tairseach 300 uair an chloig ach foirmeacha éagsúla a líonadh isteach (foirm amháin in aghaidh na scoile).

3.2.3.3 Ní mór Foirm B a chomhlánú maidir le scoil dara leibhéal iarbhunscolaíochta le haitheantas an stáit i dtír eile.

D'fhéadfadh sé go mbeidh fianaise tacaíochta breise á lorg. Is faoin gComhairle a dheimhniú más leor an fhianaise a chuirtear ar fáil chun díolúine a thabhairt maidir leis an gcoinníoll FI in Éirinn.

3.2.3.4 Déanfaidh an Chomhairle ansin an coinníoll clárúcháin maidir le próiseas FI a ghlanadh ar Fhoirm B atá comhlánaithe go hiomlán a bheith faighte.

3.2.3.5 Tá Foirm B ar fáil le híoslódáil ó www.teachingcouncil.ie

3.2.4 Eolas breise

3.2.4.1 Is faoin múinteoir cláraithe post a aimsiú a fhreastalaíonn ar na riachtanais a ghabhann leis an bpróiseas FI.

3.3 Nósanna imeachta agus critéir maidir leis an gClár Ionduchtúcháin

3.3.1 An Clár Ionduchtúcháin (bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht)

3.3.1.1 Is clár solúbtha é an Clár Ionduchtúcháin maidir le foghlaim ghairmiúil múinteora a fheidhmítear agus an múinteoir ag cur tús leis an ghairm bheatha, go gairid tar éis cáilíocht múinteora a bhaint amach, de ghnáth. Tá sé mar chuspóir leis tacaíocht ghairmiúil agus pearsanta córasach a thabhairt don mhúinteoir agus é/í ag leanúint leis an bhforbairt mar fhoghlaimeoir ar feadh an tsaoil.

3.3.1.2 Ó mhí Meán Fómhair 2016, ní mór do mhúinteoirí atá ag dul faoin bpróiseas promhaidh nó faoin bpróiseas fostaíochta iarcháilíochta, an Clár Ionduchtúcháin a chomhlánú. Sa bhreis air sin, ní mór d'aon mhúinteoir eile a dhéanann iarratas ar chlárúchán faoi Rialachán a Dó/Bealach 1 (Bunscolaíocht), Rialachán a Trí/Bealach 4 (Eile) nó Rialachán a 4/Bealach 2 (Iarbhunscolaíocht) 5 an Clár Ionduchtúcháin a chomhlánú sa chás nár fhreastail siad roimhe seo:

- ar na riachtanais maidir le promhadh (bunscolaíocht) roimh 02 Iúil 2012
- ar riachtanais an FI (iarbhunscolaíocht) roimh 02 Iúil 2012, nó
- nár chomhlánaigh siad clár ionduchtúcháin aitheanta agus inchomparáide i dtír eile.

3.3.1.3 Éilítear ar mhúinteoirí clár ionduchtúcháin a chomhlánú lena mbaineann 20 uair a chloig d'fhoghlaim ghairmiúil laistigh de thrí bliana ó dháta an chlárúcháin tosaigh.

3.3.1.4 Is féidir leis an múinteoir rogha a dhéanamh idir sraith ceardlanna a chuirtear ar fáil trí líonra na nIonad Oideachais. Tá ceardlanna áirithe ar fáil ar líne.

	Gan aon Mheantóireacht Bunaithe ar an Scoil ó Mheantóir Oilte CNIM	Úsáid á bhaint as Meantóireacht ar Scoil le Meantóir Oilte CNIM
Ceardlanna*	20 uair an chloig ar a laghad	14 uair an chloig ar a laghad
Foghlaim Ináirithe Bunaithe ar an Scoil	N/A	6 uair an chloig ar a mhéid

* Déanann an CNIM éascú ar cheardlanna trína hIonaid Oideachais Áitiúla.

3.3.1.5 Déantar na mionsonraí maidir leis na múinteoirí a bhfuil an Clár Ionduchtúcháin comhlánaithe acu a sheoladh díreach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta go tráthrialta le linn na bliana. Faigheann an Chomhairle réidh ansin leis an gcoinníoll clárúcháin maidir leis an gClár Ionduchtúcháin agus eisíonn Deimhniú Clárúcháin atá cothrom le dáta.

3.3.1.6 Tá an Clár Ionduchtúcháin á chomhordú ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) agus tá tuilleadh mionsonraí le fáil ar an láithreán gréasáin www.teacherinduction.ie.

3.3.1.7 Ba chóir do mhúinteoirí a bhfuil an Clár Ionduchtúcháin críochnaithe go hiomlán acu nó cuid den Chlár Ionduchtúcháin críochnaithe acu, dul i gcomhairle le Socruithe Eatramhacha lena fháil amach an bhfuil feidhm le díolúintí.

4 Droichead agus athrú idir scoileanna

4.1 Mar gheall ar nádúr na fostaíochta do mhúinteoirí le linn na mblianta tosaigh den ghairm bheatha, táthar ag súil go mbeidh múinteoirí ann a athraíonn idir scoileanna ina bhfuil próiseas *Droichead* á chur ar fáil agus scoileanna nach bhfuil.

Déanfar socruithe eatramhacha 2018/2019 a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Comhairle chun treoir a chur ar fáil do mhúinteoirí a raibh tús curtha acu leis na coinníollacha maidir le cleachtas iarcháilíochta a chomhlíonadh roimh an scoilbhliain reatha. Tabharfaidh na socruithe seo freisin tacaíocht do mhúinteoirí a athraíonn idir scoileanna.

4.1 Is féidir na fiosrúcháin go léir agus an tsoiléireacht maidir le clárú le coinníollacha a sheoladh go díreach ar ríomhphost chuig an gComhairle ag conditions@teachingcouncil.ie.

5 Mionsonraí comhfhreagrais

CINEÁL FIOSRÚCHÁIN	TEAGMHÁIL
Iarratas ó mhúinteoirí tús a chur le próiseas Droichead	Déantar iarratas tríd an roinn logála isteach *Mo Chlárúchán* na Comhairle Múinteoireachta Láithreán gréasáin **t: Íosghlao 1890 224 224 / +353 (0)1 651 7900** **r: conditions@teachingcouncil.ie** **i: www.teachingcouncil.ie**
Scoileanna ar mian leo a bheith rannpháirteach i bpróiseas Droichead	Comhlánaítear an fhoirm chlárúcháin maidir le Scoileanna *Droichead* ar www.teacherinduction.ie Mionsonraí Teagmhála an CNIM: An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí **t: +353 (0)1 884 2315 / +353 (0)1 884 2257** **r: info@teacherinduction.ie** **i: www.teacherinduction.ie**
Iarratas ó mhúinteoirí tús a chur leis an bpromhadh	Deasc na Múinteoirí ar Promhadh, Ionad Oideachais Luimnigh, Teach Marshal, Bóthar Thuar an Daill, Luimneach. **t: +353 (0)61 585 060, folíne. 4** **r: probation@lec.ie** **i: www.lec.ie**
Múinteoirí ar mian leo tosú ar cheardlanna mar chuid den Chlár Ionduchtúcháin nó cnuaschruinnithe a chomhlánú do phróiseas Droichead	Déantar teagmháil leis an Ionad Oideachais lánaimseartha áitiúil www.ateci.ie
Fiosrúcháin maidir leis an gClár Ionduchtúcháin, Droichead agus Cnuaschruinnithe	An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí **t: +353 (0)1 884 2315 / +353 (0)1 884 2257** **r: info@teacherinduction.ie** **i: www.teacherinduction.ie**
Clárú múinteoirí agus fiosrúcháin maidir le Coinníollacha	An Chomhairle Mhúinteoireachta **t: Íosghlao 1890 224 224 / +353 (0)1 651 7900** **r: info@teachingcouncil.ie / conditions@teachingcouncil.ie** **i: www.teachingcouncil.ie** logáil isteach féinseirbhíse via Mo Chlárúchán ar leathanach baile na Comhairle

Aguisín 1
Amlínte do Chéim Fáis *Droichead*

Tá síneadh dhá bhliain bhreise go dtí an bhliain 2021 curtha leis na hamlínte d'fhás incriminteach *Droichead* i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon. Ar an mbonn sin, beidh *Droichead* mar bhealach ionduchtaithe do gach Múinteoir Nuacháilithe faoin mbliain 2020/2021.

Leagtar amach thíos an sceideal do chéim fháis *Droichead* ó 2016 go 2021:

BUNSCOILEANNA	SCEIDEAL DON CHÉIM FÁIS	
2016/2017	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe i socrúcháin MOS	Is féidir le scoileanna i gcatagóir ar bith páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead ceachtar de na blianta seo, más mian leo é sin a dhéanamh, roimh na dátaí atá leagtha amach thall.
2017/2018	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe i socrúcháin MOS nó i mbunscoileanna móra ina bhfuil príomhoide agus 24 nó níos mó múinteoir príomhshrutha	
2018/2019	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe i socrúcháin MOS nó i mbunscoileanna móra ina bhfuil 16 múinteoir príomhshrutha nó níos mó	
2019/2020	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe i socrúcháin MOS agus i ngach bunscoile ina bhfuil príomhoide riaracháin	
2020/2021	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do gach Múinteoir Nuacháilithe bunscoile	

IARBHUNSCOILEANNA	SCEIDEAL DON CHÉIM FÁIS	
2016/2017	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe i socrúcháin MOS	Is féidir le scoileanna i gcatagóir ar bith páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead ceachtar de na blianta seo, más mian leo é sin a dhéanamh, roimh na dátaí atá leagtha amach thall.
2017/2018	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe i socrúcháin MOS nó in iar-bhunscoileanna mór ina bhfuil 700 dalta nó níos mó	
2018/2019	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe i socrúcháin MOS agus in iar-bhunscoileanna mór ina bhfuil 400 dalta nó níos mó	
2019/2020	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe i socrúcháin MOS agus in iar-bhunscoileanna mór ina bhfuil 200 dalta nó níos mó	
2020/2021	*Droichead* an bealach ionduchtaithe do gach Múinteoir Nuacháilithe iarbhunscoile	

Aguisín 2
Coinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta: **Treoir Ghairid**

Go ginearálta, bíonn feidhm leis na coinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta maidir le Múinteoirí Nua-cháilithe Bunscoile agus Iarbhunscoile nuair a chláraíonn siad leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na coinníollacha sin sna Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta atá foilsithe anois ar www.teachingcouncil.ie.

BUNSCOILEANNA

DROICHEAD: **An Creat Slánchóirithe maidir le hIonduchtúchán Gairme**
60 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad
1) Déan iarratas chuig an gComhairle trí logáil isteach ar 'Mo Chlárú' ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta
2) Rannpháirtíocht i bpróiseas *Droichead*: **Sraith A:** Ionduchtúchán Scoilbhunaithe - Le tacaíocht na Foirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG) **AGUS** **Sraith B:** Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise - Freastal ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma - Tabhairt faoi Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúil amháin eile atá roghnaithe i gcomhairle leis an FTG
3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur faoi bhráid

Ó

PRÓISIS THRAIDISIÚNTA	
PROMHADH	**CEARDLANNA IONDUCHTÚCHÁIN**
100 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad (2 x 50 nó 1 x 100)	20 uair an chloig freastail – roghanna solúbtha
1) Iarratas a dhéanamh chuig Ionad Oideachais Luimnigh (IOL) ag úsáid Foirm OP1	1) Déan iarratas chuig d'Ionad Oideachais áitiúil
2) Ráiteas inniúlachta ó IOL a fháil i ndiaidh toradh sásúil a fháil ón gCigireacht	2) 10 gceardlann a chomhlánú
3) Críochnaigh trí Fhoirm C & ráiteas IOL a chur faoi bhráid	3) Críochnaigh – níl aon ghníomhaíocht riachtanach, rachaidh fógra go huathoibríoch chuig an gComhairle

IAR-BHUNSCOILEANNA

DROICHEAD: **An Creat Slánchóirithe maidir le hIonduchtúchán Gairme**
Conradh 200 uair an chloig ar a laghad in Iar-bhunscoil amháin
1) Déan iarratas ar an gComhairle trí logáil isteach ar *My Registration* ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta
2) Bí páirteach i bpróiseas *Droichead*: **Sraith A:** Ionduchtúchán Scoilbhunaithe - Le tacaíocht na Foirne Tacaíochta Gairmiúla **AGUS** **Sraith B:** Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise - Freastal ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidhan téarma - Tabhairt faoi Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúil amháin eile atá roghnaithe i gcomhairle leis an FTG
3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur faoi bhráid

Ó

PRÓISIS THRAIDISIÚNTA	
FOSTAÍOCHT IARCHÁILÍOCHTA	**CEARDLANNA IONDUCHTÚCHÁIN**
300 uair an chloig ar a laghad ag múineadh in iar-bhunscoil amháin nó níos mó	20 uair an chloig freastail - roghanna solúbtha
1) Ní gá iarratas a dhéanamh	1) Déan iarratas chuig d'Ionad Oideachais áitiúil
2) Comhlánaigh 300 uair an chloig múinteoireachta: - 200 uair an chloig ar a laghad ag múineadh ábhar curaclaim iarbhunscoile - Suas le 100 uair an chloig i MOS nó i ngníomhaíocht múinteoireachta eile ar an gclár ama	2) 10 gceardlann a chomhlánú
3) Críochnaigh trí Fhoirm(Fhoirmeacha) B a chur faoi bhráid	3) Críochnaigh – níl aon ghníomhaíocht riachtanach, rachaidh fógra go huathoibríoch chuig an gComhairle

Aguisín 3
Critéir maidir le Cigireachtaí Promhaidh

Pleanáil, ullmhú agus taifeadadh a dhéanamh ar an dul chun cinn

Léiríonn an Múinteoir Nuacháilithe rannpháirtíocht leis an bpleanáil fhadtéarmach agus gearrthéarmach ar aon dul le polasaithe na scoile (m.sh., measúnacht agus polasaithe teagaisc agus foghlama ábhartha eile) agus le curaclam na bunscoile de réir na gcritéar seo a leanas:

- Déantar tráthchlár leordhóthanach ranga a fhorbairt le tagairt don chreat maidir le híosmhéid ama in aghaidh na seachtaine a shonraítear i gCuraclam na Bunscoile agus na moltaí atá san áireamh i gCiorclán 56/2018
- Cuireann cuspóirí teagaisc agus foghlama atá soiléir agus oiriúnach, leis an aird chuí ar Churaclam na Bunscoile agus ar Phlean na Scoile.
- Déanann pleanáil maidir le héagsúlacht cumais, cúlraí agus stíleanna foghlamtha idir na daltaí
- Déanann cothabháil ar thaifid ar dhul chun cinn atá ar ardchaighdeán agus ullmhaíonn raon cuí acmhainní

Bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga

Léiríonn an Múinteoir Nuacháilithe sárscileanna bainistíochta ar an seomra ranga faoina critéir seo a leanas:

- Cuireann dea-iompar chun cinn trí úsáid a bhaint as córais chuí bainistíochta iompair
- Déantar caidreamh ceanúil a chruthú leis na daltaí (lena n-áirítear moladh agus aiseolas dearfach a úsáid)
- Cuirtear timpeallacht tharraingteach foghlama ar fáil (caighdeán an ábhair taispeántais, saothar na ndaltaí san áireamh, ionaid spéise srl.) Baineann úsáid éifeachtach as acmhainní
- Déanann bainistíocht ar chúnamh SNA i gcomhthéacs seomra ranga (nuair is cuí)

Caighdeán na múinteoireachta ar fud réimsí an churaclaim

Léiríonn an Múinteoir Nuacháilithe tiomantas sásúil maidir le múinteoireacht ar ardchaighdeán de réir na gcritéar seo a leanas:

- Oibríonn go neamhspleách trí chúnamh, treoir agus spreagadh a chur ar fáil do na daltaí ar mhaithe le torthaí foghlamtha ar ardchaighdeán a bhaint amach
- Baineann úsáid as raon cuí de mhodhanna teagaisc, d'acmhainní agus de mhodhanna measúnachta
- Clúdaíonn raon oiriúnach ábhair
- Déanann soláthar d'éagsúlacht maidir le cumas, cúlra agus stíleanna foghlamtha na ndaltaí le cúram faoi leith do leibhéil na ndaltaí maidir le haird ar an ábhar agus le glacadh le heolas
- Léiríonn sárscileanna cumarsáide, leagtar ceachtanna amach go stuama ó thaobh ábhair agus luais, cinntíonn aird ar chúrsaí leanúnachais agus ar dhul chun cinn.

Cáilíocht maidir le foghlaim na ndaltaí i réimsí an churaclaim

Léiríonn an Múinteoir Nuacháilithe tiomantas sásúil maidir le sár-mhúinteoireacht de réir na gcritéar seo a leanas:

- Cinntíonn go bhfuil aird na ndaltaí ar an tasc atá idir lámha agus go bhfuil siad ag obair go diongbháilte
- Cuireann ar chumas na ndaltaí eolas ar an ábhar a phléitear, scileanna agus tuairimí cuí a léiriú
- Cinntítear go mbíonn torthaí foghlama na ndaltaí ar ardchaighdeán.
  (Foinse: An Chigireacht, an Roinn Oideachais agus Scileanna)

Aguisín 4
Caighdeáin maidir le *Droichead*

Tá na caighdeáin seo a leanas leagtha amach ag an gComhairle chun tacaíocht a thabhairt do phróiseas *Droichead*, maidir le treoir a thabhairt don mhúinteoir nuacháilithe, i gcomhar leis an FTG, maidir leis an bhfoghlaim agus leis an gcleachtas gairmiúil. Féachtar níos grinne ar tháscairí an dea-chleachtais i gcomhthéacsanna éagsúla mar chuid den fhorbairt ghairmiúil i ndáil leis an FTG a bhíonn éascaithe ag CNIM. Trí rannpháirtíocht i bpróiseas *Droichead*, beidh Múinteoir Nuacháilithe:

1. rannpháirteach go gairmiúil le hionduchtúchán bunaithe ar an scoil agus le gníomhaíochtaí breise maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil
2. tiomantas na gairmiúlachta a léiriú i ndáil le múinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán ar mhaithe leis na daltaí/mic léinn
3. rannpháirteach i gcleachtas machnaimh a thacaíonn le foghlaim agus le cleachtas gairmiúil, go haonar agus go comhoibríoch.

Aguisín 5
Rialacháin Clárúcháin 2016

Thug an Chomhairle rialacháin nua clárúcháin isteach an 25 Iúil 2016 agus rinneadh iad seo a leasú an 8 Samhain 2016. Faoi na rialacháin nua, déanfar múinteoirí a chlárú de réir Bealaí Clárúcháin. Leagtar amach sa tábla thíos an ceangal idir Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009 agus Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2016..

Rialacháin Clárúcháin 2009	Rialacháin Clárúcháin 2016
Rialachán a Dó (Bunscolaíocht)	Bealach 1: Bunscolaíocht
Rialachán a Trí (Montessori & Catagóirí Eile)	Bealach 4: Eile
Rialachán a Ceathair (Iarbhunscolaíocht)	Bealach 2: Iarbhunscolaíocht
Rialachán a Cúig (Breisoideachas)	Bealach 3: Breisoideachas

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Íosghlao 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901 Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council